



## PREASEISIÚINT Uimh. 160/24

Lucsburg, 4 Deireadh Fómhair 2024

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-240/23 | Herbaria Kräuterparadies II

### Lipéadú táirgí orgánacha: Ní fhéadfar lógó an Aontais maidir le táirgeadh orgánach a bheith ar tháirge bia a allmhairítear ó thríú tír ach amháin má chomhlíonann sé ceanglais uile dhlí an Aontais

*Is amhlaidh atá fiú má aithnítear go bhfuil rialacha táirgthe an tríú tír coibhéiseach leo siúd a leagtar síos le dlí an Aontais, ós rud é go bhféadfaidh lógó an tríú tír sin maidir le táirgeadh orgánach a bheith ar tháirge den sórt sin mar sin féin*

Leathnaítear an toirmeasc ar lógó táirgeadh orgánach an Aontais Eorpaigh a úsáid le haghaidh táirgí a tháirgtear i dtríú tír de réir rialacha nach bhfuil ach coibhéiseach leo siúd atá leagtha síos i ndlí an Aontais Eorpaigh chuig úsáid na dtéarmaí a thagraíonn don táirgeadh sin freisin. Mar sin féin, ar choinníoll go gcomhlíonann táirge na rialacha sin, féadfar lógó an tríú tír sin maidir le táirgeadh orgánach a úsáid san Aontas do tháirgí den sórt sin, fiú i gcás ina bhfuil téarmaí ann lena dtagraítear do tháirgeadh orgánach.

Táirgeann Herbaria, monaróir Gearmánach, deoch arb é atá ann meascán de shúnna torthaí agus d'eastóscáin luibhe ina bhfuil, sa bhreis ar tháirgí orgánacha, vitimíní nach bhfuil de thionscnamh plandaí agus glúcónáit iarainn. Tá lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach le feiceáil ar phacáistíocht an táirge seo.

D'ordaigh údarás na Gearmáine do Herbaria lógó an Aontais maidir le táirgeadh orgánach a bhaint de phacáistiú an táirge sin a mhéid nár chomhlíon an táirge ceanglais an Rialacháin maidir le lipéadú táirgí bitheolaíoch <sup>1</sup>. Go deimhin, ní cheadaítear vitimíní agus mianraí a chur le táirgí próiseáilte a bhfuil an téarma 'orgánach' orthu ach amháin má cheanglaítear a n-úsáid de réir an dlí, rud nach amhlaidh i gcás na dí atá i gceist.

Roimh Chúirt Riaracháin Chónaidhme na Gearmáine, líomhnaíonn Herbaria cóir neamh-chomhionann idir a táirge agus táirge comhchosúil, ina bhfuil vitimíní agus mianraí nach bhfuil de thionscnamh planda ann freisin, a allmhairítear ó na Stáit Aontaithe, nach mbeadh faoi réir toirmeasc den sórt sin. aithnítear na Stáit Aontaithe mar thríú tír a bhfuil rialacha coibhéiseacha táirgthe agus rialaithe aici le rialacha an Aontais. ciallaíonn sé sin go bhféadfar táirgí ón tríú tír sin a chomhlíonann rialacha táirgthe an tríú tír sin a mhargú san Aontas mar tháirgí orgánacha. De réir Herbaria, leis an aitheantas sin, cheadaítear do tháirgí iomaíochas de chuid na Stát Aontaithe a bheith in ann lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach agus na téarmaí lena dtagraítear dó a bheith orthu, ar an aon choinníoll amháin go gcomhlíonann siad rialacha táirgthe na Stát Aontaithe, is é sin le rá, fiú i gcás nach gcomhlíonann siad rialacha maidir le táirgeadh a cheanglaítear le dlí an Aontais.

Nuair a tharchuir an chúirt ar tugadh an cás os a comhair ar an leibhéal náisiúnta ceist maidir leis an gcóireáil neamh-chomhionann sin, chinn an Chúirt, **maidir le táirge a allmhairíodh ó thríú tír** agus a monaraíodh i gcomhréir le rialacha táirgthe agus rialaithe a aithnítear a bheith coibhéiseach leo siúd a leagtar síos le dlí an Aontais, **nach bhféadfaidh an táirge sin úsáid a bhaint as lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach ná as téarmaí lena dtagraítear don táirgeadh sin i gcás nach gcomhlíonann an táirge sin go hiomlán na rialacha maidir le táirgeadh a leagtar síos le dlí an Aontais.** Ina mhalairt de chás, bheadh an baol

ann go ndéanfaí dochar don iomaíocht chóir laistigh den mhargadh inmheánach le haghaidh táirgí orgánacha agus go gcruthófaí débhríocht a d'fhéadfadh tomhaltóirí a chur amú. Tá sé mar aidhm ag lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a chur in iúl go soiléir do thomhaltóirí go gcomhlíonann an táirge ar a ndealraíonn sé go gcomhlíonann sé ceanglais uile dhlí an Aontais Eorpaigh, agus ní hamháin le rialacha atá coibhéiseach leo.

Mar sin féin, ar choinníoll go gcomhlíonann táirge na rialacha sin, féadfar lógó de chuid tríú tír maidir le táirgeadh orgánach a úsáid san Aontas do tháirgí den sórt sin, fiú i gcás ina bhfuil téarmaí ann lena dtagraítear do tháirgeadh orgánach. Ní dócha go dtabharfaidh lógó den chineál seo le tuiscint go gcomhlíonann na táirgí allmhairithe lena mbaineann rialacha táirgthe agus rialaithe uile an Aontais Eorpaigh.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre](#) an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "[Europe by Satellite](#)" ☎ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!



<sup>1</sup> [Rialachán \(AE\) 2018/848](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle.